

Cinneadh maidir le WhatsApp Ireland Ltd.

(IN-18-12-2)

Dáta an Chinnidh: 20 Lúnasa 2021

Scrúdaigh an fiosrúchán seo, a chuir an DPC tús leis ar an 10 Nollaig 2018, ar chomhlíon nó nár chomhlíon WhatsApp Ireland Ltd a chuid oibleagáidí trédhearcachta faoin GDPR maidir le faisnéis a sholáthar agus trédhearcacht na faisnéise sin do dhaoine a úsáideann agus daoine nach n-úsáideann seirbhís WhatsApp. Cuimsíonn sé seo faisnéis a cuireadh ar fáil d'ábhair sonraí maidir le próiseáil faisnéise idir WhatsApp agus cuideachtaí eile Facebook.

Airteagail 60 & 65 den GDPR

Tar éis imscrúdú fhada chuimsitheach, chuir an DPC dréacht-chinneadh faoi bhráid gach ceann de na hÚdaráis Maoirseachta Leasmhara (CSAnna) faoi Airteagal 60 GDPR i mí na Nollag 2020. Ina dhiaidh sin fuair an DPC agóidí ó ocht CSAnna. Ní raibh an DPC in ann teacht ar chomhaontú leis na CSAnna ar ábhar na n-agóidí agus spreag sé an próiseas réitigh díospóidí (Airteagal 65 GDPR) ar an 3 Meitheamh 2021.

Athbhreithniú tar éis cinneadh ceangailteach an EDPB

Ar an 28 Iúil 2021, ghlac an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) le cinneadh ceangailteach agus cuireadh an cinneadh seo in iúl don DPC. Sa chinneadh seo bhí treoir shoiléir a éiligh go ndéanfadh an DPC a fhíneáil bheartaithe a athbhreithniú agus a ardú ar bhonn roinnt gné a bhí i gcinneadh an EDPB. **Tar éis an athbhreithniú seo, ghearr an DPC fíneáil €225 milliún ar WhatsApp.**

Chomh maith le fíneáil riaracháin a ghearradh, chuir an DPC iomardú ar WhatsApp chomh maith le hordú go gcuirfidh sé a phróiseáil i gcomhlíonadh trí réimse bearta sonraithe feabhais a dhéanamh.

D'fhoilsigh an EDPB an cinneadh Airteagail 65 agus an cinneadh deiridh ar a shuíomh gréasáin ([cliceáil anseo](#)).